**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1947 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13 Deireadh Fómhair 2022**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1550 tríd an gclár ilbhliantúil rialuithe le haghaidh na tréimhse 2021-2025 a thabhairt cothrom le dáta agus lena mbunaítear clár rialuithe le haghaidh 2023**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 118(1), pointe (b), agus Airteagal 118(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is ar na Ballstáit atá an fhreagracht reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia a fhorfheidhmiú, agus déanann a n-údaráis inniúla, trí na rialuithe oifigiúla a eagrú, faireachán go gcomhlíontar agus go bhforfheidhmítear ceanglais ábhartha an Aontais go héifeachtach agus déanann siad an méid sin a fhíorú. I gcomhthráth leis an bhfaireachán agus leis an bhfíorú sin, ceanglaítear le hAirteagal 116 de Rialachán (AE) 2017/625 ar shaineolaithe ón gCoimisiún rialuithe a dhéanamh, lena n-áirítear iniúchtaí, sna Ballstáit chun cur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais a fhíorú. Ba cheart rialuithe sin an Choimisiúin a dhéanamh i réimsí na sábháilteachta bia agus beatha ainmhithe, sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí, táirgí cosanta plandaí, agus feidhmiú na gcóras rialaithe náisiúnta agus na n-údarás inniúil a oibríonn iad, agus sineirgí le socruithe rialaithe faoin gcomhbheartas talmhaíochta á gcur san áireamh.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1550 ón gCoimisiún ([2]), bunaíodh clár ilbhliantúil rialuithe atá le déanamh ag saineolaithe an Choimisiúin sna Ballstáit chun cur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia a fhíorú le haghaidh na tréimhse 2021-2025, ailínithe le téarma oifige an Choimisiúin agus i gcomhréir lena thosaíochtaí. Le linn chur chun feidhme an chláir ilbhliantúil rialuithe sin, tháinig sé chun solais nach raibh sé sách solúbtha cead a thabhairt do shaineolaithe an Choimisiúin faisnéis a imscrúdú agus a bhailiú i ndáil le cásanna éigeandála, fadhbanna atá ag teacht chun cinn, agus forbairtí nua sna réimsí arna rialú ag na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2017/625 agus iad siúd dá bhforáiltear sa Rialachán sin. Ba cheart réimse tosaíochta nua chun teagmhais den sórt sin a chumhdach a chur isteach i gCaibidil 10 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1550, dá bhforáiltear in Airteagal 116(1), pointe (c)(iii), de Rialachán (AE) 2017/625.

(3) Maidir le hamlíne dhocht a leagan síos le haghaidh rialuithe sna réimsí tosaíochta do gach ceann de na cúig bliana de chlár ilbhliantúil na rialuithe, níl sé comhsheasmhach leis an leibhéal solúbthachta is gá chun na cuspóirí a chomhlíonadh maidir le feidhmiú na gcóras rialaithe náisiúnta a fhíorú, lena n-áirítear imscrúdú agus bailiú faisnéise maidir le cleachtais nó fadhbanna forfheidhmiúcháin, éigeandálaí agus forbairtí nua sna Ballstáit, agus rialuithe an Choimisiúin a dhéanamh ar bhonn riosca. Agus clár rialuithe ilbhliantúil 2021-2025 á choinneáil, ba cheart, dá bhrí sin, clár rialuithe le haghaidh na bliana dár gcionn a chur in ionad Chaibidil 11 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1550, lena socraítear miondealú bliantúil na rialuithe le haghaidh na mblianta 2021-2025, agus ba cheart í a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil.

(4) An téacs tosaigh san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1550 lena gcuirtear de cheangal ar shaineolaithe an Choimisiúin rialuithe a dhéanamh, lena n-áirítear fíoruithe ar an láthair agus anailísí deisce i ngach ceann de na réimsí tosaíochta sna Ballstáit uile, ba cheart é a leasú chun é a ailíniú ar bhealach níos fearr le ceanglais Airteagal 116 de Rialachán (AE) 2017/625.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1550 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2020 lena mbunaítear an clár ilbhliantúil rialuithe don tréimhse 2021-2025 atá le cur i gcrích ag saineolaithe an Choimisiúin sna Ballstáit chun cur i bhfeidhm reachtaíocht slabhra agraibhia an Aontais a fhíorú (IO L 354, 26.10.2020, lch. 9).

(5) Ba cheart réimse na n-orgánach géinmhodhnaithe a thabhairt isteach ar leithligh i gCaibidlí 10 agus 11 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1550 mar réimse tosaíochta nua chun an téacs a ailíniú ar bhealach níos fearr leis an bhforoinn atá ann cheana faoi Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2017/625. Ba cheart tuilleadh tagairtí don réimse tosaíochta sin a bhaint de Chaibidlí 1, 2 agus 7 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1550.

(6) Léiríonn torthaí na rialuithe a rinne an Coimisiún roimhe seo maidir le cláir rialaithe náisiúnta *Salmonella* agus anailís an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA), ar féidir breathnú uirthi i dtuarascálacha zónóisí 2019 ([3]) agus 2020 ([4]), gur chomhlíon formhór na mBallstát spriocanna an Aontais maidir le gach catagóir éanlaithe clóis. Tuairiscíonn na Ballstáit don Choimisiún go bliantúil torthaí a gcuid rialuithe *Salmonella* le haghaidh *Gallus gallus*, béaróg, sicíní grísce agus ealtaí turcaí pórúcháin agus ramhraithe. Sa chomhthéacs sin, agus rialuithe an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme na n-oibleagáidí a fhorchuirtear le Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún ([5]) maidir le sampláil oifigiúil a bhaineann le critéir sláinteachais próisis á gcur san áireamh, níl aon ghá le hiniúchtaí sonracha ar chláir rialaithe náisiúnta *Salmonella* in 2023.

(7) Is cuid lárnach de rialuithe an Choimisiúin iad measúnuithe bliantúla ar phleananna faireacháin náisiúnta na mBallstát ar iarmhair a dhéantar faoi réimse tosaíochta na n-iarmhar in ainmhithe beo agus i mbia de bhunadh ainmhíoch. Dá bhrí sin, níl gá le tagairt ar leith do na measúnuithe sin agus ba cheart í a bhaint de chlár ilbhliantúil na rialuithe.

(8) Ba cheart dhá cheann de na réimsí tosaíochta, galair eipeasótacha ghníomhacha agus galair eansótacha, faoi shláinte ainmhithe, a athainmniú mar ghalair i gCatagóir A agus i gCatagóir B agus C, faoi seach, faoi Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]). Leis sin, déanfar an téarmaíocht a úsáidtear i gclár ilbhliantúil na rialuithe a ailíniú leis an téarmaíocht a thugtar isteach leis an Rialachán sin.

(9) Le déanaí, rinne an Coimisiún na cláir náisiúnta tréidliachta maidir le zónóisí nach n-iompraítear sa bhia atá cómhaoinithe aige a chumhdach le déanaí. Dá bhrí sin, níor cheart aon rialuithe a bheith ann maidir le zónóisí nach n-iompraítear sa bhia in 2023.

(10) Leis an gcuspóir maidir le zónóisí nach n-iompraítear sa bhia i gCaibidil 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1550, cuireadh teorainn leis an gcumhdach do na zónóisí sin amháin, a raibh cláir tréidliachta náisiúnta arna gcómhaoiniú ag an gCoimisiún i bhfeidhm ina leith. Chun go mbeidh saineolaithe an Choimisiúin in ann rialuithe a dhéanamh ar zónóisí nach n-iompraítear sa bhia, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil cláir den sórt sin acu, amhail COVID-19 i minceanna, ba cheart an cuspóir a leasú sa chlár ilbhliantúil rialuithe.

(11) Tá tosaíocht tugtha ag an gCoimisiún do rialuithe ar ghalair faoi réimse tosaíochta na ngalar eipeasótach, i gCatagóir A faoi Rialachán (AE) 2016/429, amhail fiabhras Afracach na muc agus an fliú éanúil ardphataigineach in 2021 agus 2022. Mar gheall ar an tosaíocht sin, ní raibh aon rialuithe ar ghalair eansótacha, ar Chatagóir B agus C faoi Rialachán (AE) 2016/429, sa 2 bhliain sin. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún rialuithe a dhéanamh faoin réimse tosaíochta sin in 2023.

(12) Gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le leas ainmhithe faoi chuimsiú na Teachtaireachta uaidh dar teideal "A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system" ([7]) ["Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol"]. Sa chomhthéacs sin, ba cheart leanúint den obair faoi na réimsí tosaíochta maidir le leas ainmhithe ar fheirmeacha agus le linn an mharaithe in 2023. Dá bhrí sin, ba cheart leas eallaigh a choinnítear chun feoil a tháirgeadh agus leas na n-iasc ar fheirmeacha, le linn a n-iompair agus a maraithe, a chur le clár ilbhliantúil na rialuithe.

---

([3]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(2):6406.

([4]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(12):6971.

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1).

([6]) Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1).

([7]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal "A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system" ["Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol"], COM(2020) 381 final an 20 Bealtaine 2020.

(13) Le Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), ceanglaítear ar na Ballstáit cláir ilbhliantúla bunaithe ar rioscaí a bhunú le haghaidh lotnaidí coraintín agus tugtar isteach suirbhéanna bliantúla ar lotnaidí tosaíochta. Dá bhrí sin, ba cheart rialuithe an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme na gclár suirbhéireachta sin a chur le Caibidil 5 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1550.

(14) Mar gheall ar shrianta COVID-19, ba ghá roinnt de rialuithe an Choimisiúin i dtríú tíortha a chur siar, rud a chuir ar a chumas don Choimisiún tús a chur le sraith rialuithe faoi réimse tosaíochta na dtáirgí cosanta plandaí in 2021, bliain níos luaithe ná mar a bhí beartaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1550. Ba cheart leanúint de rialuithe an Choimisiúin faoin réimse tosaíochta sin in 2023.

(15) Mar gheall ar an bplé leanúnach ar dhréacht-Rialachán maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí, a chuirfí in ionad Threoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), ní raibh aon rialuithe ar úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí in 2022 agus níor cheart aon rialuithe a bheith ann in 2023. Tá rialuithe maidir leis an réimse tosaíochta seo le tosú arís a luaithe a ghlacfar bunús dlí nua.

(16) Toisc gur cuireadh siar dáta chur i bhfeidhm an chreata reachtaigh nua le haghaidh táirgeadh orgánach, Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 1 Eanáir 2022, agus chun an t-am is gá a thabhairt do na Ballstáit chun bearta nua a chur chun feidhme sula rialóidh siad a gcur chun feidhme, ní raibh aon rialuithe sna Ballstáit in 2022 faoin réimse tosaíochta maidir le horgánaigh. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún rialuithe a dhéanamh faoin réimse tosaíochta sin in 2023.

(17) Seoladh na sraithe rialuithe faoin réimse tosaíochta maidir le faireachán a dhéanamh ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha i mbaictéir zónóiseacha agus chónaisc a raibh sé beartaithe tús a chur leis i dtosach báire in 2022 san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1550, ba cheart tús a chur leis ina ionad sin in 2023 chun éifeachtacht na rialuithe sin a uasmhéadú, i bhfianaise na hamlíne ina mbeadh na sonraí is gá don tsraith sin ar fáil le haghaidh anailíse.

(18) Chun go dtacódh an Coimisiún le húdaráis inniúla na mBallstát na ceanglais nua maidir le rialuithe rioscabhunaithe a chur chun feidhme go pras, ceanglais atá dírithe ar chleachtais chalaoiseacha agus mheabhlacha a bhrath a tugadh isteach le hAirteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2017/625, bhí sé tábhachtach faisnéis agus samplaí de dhea-chleachtais a bhailiú chun treoir a thabhairt do na Ballstáit. Is trí staidéir aimsithe fíoras seachas trí iniúchtaí an bealach is fearr chun an cuspóir sin a bhaint amach toisc go gceadófaí leis an gcur chuige sin raon feidhme níos leithne, idirphlé a oscailt le húdaráis inniúla na mBallstát agus cruinnithe a thionól le húdaráis forfheidhmithe dlí eile agus le himscrúdaitheoirí calaoise eile. Dá bhrí sin, ba cheart an cuspóir don réimse tosaíochta maidir le calaois a leasú chun an t-athrú sin a léiriú.

(19) Sa chlár ilbhliantúil rialuithe a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1550, sainaithníodh rialuithe onnmhairiúcháin mar réimse tosaíochta a éilíonn méid áirithe maoirseachta ón gCoimisiún. Is ar oibreoirí gnó bia san Aontas, a onnmhairíonn ainmhithe agus earraí chuig tríú tíortha, atá an phríomhfhreagracht maidir le ceanglais allmhairiúcháin tríú tíortha a chomhlíonadh. I gcás ina gceanglaíonn coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí deimhniúchán oifigiúil maidir le comhlíonadh na gceanglas sin ag na hoibreoirí, is iad na húdaráis inniúla fhreagracha sna Ballstáit a chuireann deimhniúchán ar fáil. Agus róil agus freagrachtaí na n-oibreoirí gnó bia agus údaráis inniúla na mBallstát á n-aithint i ndáil leis sin, ní mheastar rialuithe an Choimisiúin ar an ngné sin a bheith ina dtosaíocht a thuilleadh lena gcur san áireamh sa chlár athbhreithnithe ilbhliantúil rialuithe.

(20) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1550 a leasú dá réir,

([8]) Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4).

([9]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 71.

([10]) Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1550.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo clár na rialuithe atá le déanamh ag saineolaithe de chuid an Choimisiúin sna Ballstáit sna réimsí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/625 i dtaca leis an tréimhse 2021-2025.

I dtaca leis an tréimhse lena mbaineann, tá réimsí tosaíochta áirithe sainaitheanta ag an gCoimisiún sna réimsí seo a leanas: sábháilteacht bia agus beatha, cáilíocht bhia, sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí, táirgí cosanta plandaí, ainmhithe agus earraí ó thríú tíortha a theacht isteach san Aontas, frithsheasmhacht in aghaidh frithmhiocróbach agus gnéithe ginearálta laistigh den slabhra agraibhia (lena n-áirítear feidhmiú na gcóras rialaithe náisiúnta agus na n-údarás inniúil).

Rialuithe an Choimisiúin sna Ballstáit, is iad na réimsí a leagtar amach in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2017/625 a chumhdóidh siad. Saincheisteanna sonracha a chumhdaítear le rialuithe aonair, déanfar iad a oiriúnú de réir an cháis atá ann i ngach Ballstát.

Is i gcomhréir le hAirteagal 116 de Rialachán (AE) 2017/625 a dhéanfaidh saineolaithe ón gCoimisiún rialuithe, iniúchtaí san áireamh.

Leis an gclár ilbhliantúil maidir le rialuithe an Choimisiúin sna Ballstáit i dtaca leis an tréimhse 2021-2025 chun cur i bhfeidhm na rialacha sna réimsí a chumhdaítear le hAirteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2017/625 a fhíorú, cumhdaítear freisin réimsí eile dá bhforáiltear sa Rialachán sin, an chalaois agus rialuithe allmhairiúcháin san áireamh. Ní hé go n-eascraíonn sraith shonrach rialuithe as gach réimse tosaíochta. Tugtar aghaidh ar roinnt de na réimsí sin faoi shraith rialuithe níos ginearálta, gnéithe de leas ainmhithe tráth an mharaithe, cuir i gcás, cumhdaítear sin, i gcás inarb ábhartha, mar chuid de na rialuithe ar bhia de bhunadh ainmhíoch, agus is rud é comhlíontacht post rialaithe teorann a chumhdaítear mar chuid de na rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus ar earraí.

Leagtar amach i gCaibidlí 1 go 10 den Iarscríbhinn seo clár ilbhliantúil na rialuithe arna miondealú de réir réimse tosaíochta agus de réir cuspóir sonrach. Leagtar amach i gCaibidil 11 clár na rialuithe le haghaidh 2023.

1. **Bia agus an tsábháilteacht bia**

| Réimse Tosaíochta | Cuspóirí Sonracha |
|---|---|
| **Bia de bhunadh ainmhíoch** *(e.g. sábháilteacht fheoil na mamach agus na n-éan agus táirgí ar den fheoil siad iad, bainne agus táirgí bainne, táirgí iascaigh agus sláinteachas táirgthe moileasc débhlaosach beo)* | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit reachtaíocht infheidhme an Aontais maidir le sábháilteacht bia lena rialaítear táirgeadh agus cur ar an margadh bia de bhunadh ainmhíoch (lena gcumhdaítear freisin inrianaitheacht agus lipéadú), agus béim ar leith á leagan ar fheoil na mamach agus na n-éan agus táirgí ar den fheoil siad sin, ar bhainne agus ar tháirgí bainne, ar tháirgí iascaigh, agus ar mhoilisc dhébhlaoscacha bheo, agus cur chun feidhme rialuithe oifigiúla ina leith a fhíorú. |
| **Zónóisí bia-iompartha** *(e.g. Salmonella)* | Cláir náisiúnta tréidliachta na mBallstát arna gcómhaoiniú ag an gCoimisiún a fhíorú agus cur chun feidhme na rialuithe oifigiúla ina leith sin a fhíorú. |
| **Bia nach de bhunadh ainmhíoch é** *(e.g. sábháilteacht torthaí agus glasraí, luibheanna, spíosraí agus péacán)* | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit reachtaíocht infheidhme an Aontais maidir le sábháilteacht bia lena rialaítear táirgeadh agus cur ar an margadh bia nach de bhunadh ainmhíoch é (lena gcumhdaítear freisin inrianaitheacht agus lipéadú), agus béim ar leith á leagan ar an tsábháilteacht mhicribhitheolaíoch. |
| **Iarmhair in ainmhithe beo agus i mbia de bhunadh ainmhíoch** *(iarmhair táirgí íocshláinte tréidliachta, lotnaidicídí agus éilleán)* | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit an reachtaíocht is infheidhme de chuid an Aontais lena rialaítear iarmhair táirgí íocshláinte tréidliachta, lotnaidicídí agus éilleán in ainmhithe beo agus i mbia de bhunadh ainmhíoch. |
| **Bia nach de bhunadh ainmhíoch é** *(e.g. míceatocsainí)* | A fhíorú, de réir phleananna rialaithe náisiúnta ilbhliantúla na mBallstát agus tuarascálacha ina leith, go gcomhlíonann rialuithe oifigiúla ar éilleáin i mbia nach de bhunadh ainmhíoch é, go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos sa reachtaíocht ábhartha is infheidhme de chuid an Aontais. |

2. **Beatha agus sábháilteacht beatha**

| Réimse Tosaíochta | Cuspóirí Sonracha |
|---|---|
| **Sláinteachas ginearálta i ndáil le beatha** *(sláinteachas beatha, formheas agus clárú bunaíochtaí, inrianaitheacht, lipéadú agus éilleáin)* | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit an reachtaíocht is infheidhme de chuid an Aontais lena rialaítear sláinteachas beatha (agus béim ar leith á leagan ar shláinteachas beatha, formheas agus clárú bunaíochtaí, éilleáin, inrianaitheacht agus lipéadú), agus cur chun feidhme rialuithe oifigiúla ina leith a fhíorú. |
| **Ábhar beatha íocleasaithe** | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit ceanglais dhlíthiúla an Aontais lena rialaítear táirgeadh beatha íocleasaithe, ceanglais is infheidhme ó mhí Eanáir 2022. |
| **Seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe** *(earnáil na feola, monarchana próiseála)* | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit reachtaíocht infheidhme an Aontais lena rialaítear láimhseáil, úsáid agus diúscairt seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a ghintear san Aontas nó a chuirtear ar mhargadh an Aontais agus cur chun feidhme rialuithe oifigiúla ina leith sin, agus béim ar leith á leagan ar earnáil na feola agus ar ionaid phróiseála. |

3. **Sláinte ainmhithe**

| Réimse Tosaíochta | Cuspóirí Sonracha |
|---|---|
| **Galair de chatagóir A faoi Rialachán (AE) 2016/429** *(e.g. fiabhras Afracach na muc, fliú éanúil ardphataigineach)* | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit reachtaíocht infheidhme an Aontais lena rialaítear rialú na bpríomhghalar ainmhithe gníomhacha, fiabhras Afracach na muc agus fliú éanúil ardphataigineach cuir i gcás, agus cur chun feidhme rialuithe oifigiúla ina leith a fhíorú. |
| **Zónóisí nach n-iompraítear sa bhia** *(e.g. an confadh)* | Seiceáil a dhéanamh ar chumas na mBallstát zónóisí nach n-iompraítear sa bhia a bhrath, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a rialú. |
| **Galair de chatagóirí B agus C faoi Rialachán (AE) 2016/429** *(e.g. an eitinn, an bhruisealóis)* | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit an reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais lena rialaítear rialú galar eansótach, agus béim ar leith á leagan ar leibhéal cur chun feidhme agus éifeachtacht na gclár náisiúnta tréidliachta arna gcómhaoiniú ag an gCoimisiún, agus cur chun feidhme rialuithe oifigiúla ina leith a fhíorú. |
| **Ullmhacht agus cosc** *(e.g. pleanáil theagmhasach)* | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit an reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais lena rialaítear ullmhacht chun déileáil le ráigeanna iomadúla de ghalair eipeasótacha, agus cur chun feidhme rialuithe oifigiúla ina leith sin a fhíorú. |

4. **Leas ainmhithe**

| Réimse Tosaíochta | Cuspóirí Sonracha |
|---|---|
| **Iompar** *(e.g. ainmhithe mí-oiriúnacha, soithí beostoic, laonna nár baineadh fós den diúl, poist rialaithe a úsáidtear le haghaidh idirthurais ainmhithe)* | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit reachtaíocht infheidhme an Aontais lena rialaítear leas ainmhithe le linn iompair, agus béim ar leith á leagan ar ainmhithe mí-oiriúnacha, ar shoithí beostoic, ar laonna nár baineadh fós den diúl agus ar phoist rialaithe a úsáidtear le haghaidh idirthurais ainmhithe, agus cur chun feidhme rialuithe oifigiúla ina leith sin a fhíorú. |
| **Ar an bhfeirm** *(e.g. béaróga)* | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit an reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais lena rialaítear leas ainmhithe le linn a dtógála, agus cur chun feidhme rialuithe oifigiúla ina leith sin a fhíorú. |
| **Marú** *(e.g. athchogantaigh, éanlaith chlóis)* | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit an reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais lena rialaítear leas athchogantach agus éanlaithe clóis tráth a maraithe, agus cur chun feidhme rialuithe oifigiúla ina leith sin a fhíorú. |

5. **Sláinte plandaí**

| Réimse Tosaíochta | Cuspóirí Sonracha |
|---|---|
| **Ráigeanna de lotnaidí plandaí**<br>*(ar bagairt shuntasach iad)* | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit an reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais lena rialaítear rialú lotnaidí plandaí a aimsítear ar chríoch an Aontais, agus béim ar leith á leagan ar lotnaidí ar bagairt shuntasach iad, iad seo a leanas mar shampla — *Xylella fastidiosa*, víreas na dtorthaí rocacha donna trátaí, néimeatóid ghiúise, ciaróga fadadharca anoplophora, trioza agus orgánaigh dhíobhálacha eile a shainaithnítear a bheith ina dtosaíocht — sin agus cur chun feidhme rialuithe oifigiúla ina leith a fhíorú. |
| **Ullmhacht agus cosc**<br>*(e.g. pleanáil theagmhasach, cláir um shuirbhéanna maidir le sláinte plandaí)* | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit an reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais lena rialaítear tarraingt suas agus nuashonrú pleananna teagmhasacha maidir le sláinte plandaí.<br>Measúnú a dhéanamh ar phleanáil agus ar chur chun feidhme na gclár um shuirbhéanna maidir le lotnaidí tosaíochta agus lotnaidí coraintín eile faoin Dlí maidir le Sláinte Plandaí. |
| **Gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí agus réad eile laistigh den Aontas**<br>*Pasanna plandaí* | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit an reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais maidir le sláinte plandaí lena rialaítear gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí agus réad eile laistigh den Aontas, agus béim ar leith á leagan ar phasanna plandaí, agus cur chun feidhme rialuithe oifigiúla ina leith sin a fhíorú. |

6. Cur ar an margadh agus úsáid **táirgí cosanta plandaí** agus **úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí**

| Réimse Tosaíochta | Cuspóirí Sonracha |
|---|---|
| **Táirgí cosanta plandaí**<br>*(údarú, margaíocht agus úsáid lotnaidicídí, iarmhair lotnaidicídí)* | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit an reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais lena rialaítear údarú, margaíocht agus úsáid táirgí cosanta plandaí agus iarmhar lotnaidicídí, agus cur chun feidhme rialuithe oifigiúla ina leith sin a fhíorú. |
| **Úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí** | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit an reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais lena rialaítear úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí, agus cur chun feidhme rialuithe oifigiúla ina leith sin a fhíorú. |

7. **Cáilíocht Bhia**

| Réimse Tosaíochta | Cuspóirí Sonracha |
|---|---|
| **Feirmeoireacht Orgánach** | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit an reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais lena rialaítear táirgeadh agus lipéadú táirgí orgánacha, agus cur chun feidhme rialuithe oifigiúla ina leith sin a fhíorú. |
| **Tásca geografacha** | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit an reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais lena rialaítear táirgeadh agus lipéadú tásc geografach, sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint (STFC), tásc geografach faoi chosaint (TGFC) agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht (STR) cuir i gcás, agus cur chun feidhme rialuithe oifigiúla ina leith sin a fhíorú. |

8. **Ainmhithe agus earraí ó thríú tíortha a theacht isteach san Aontas**

| Réimse Tosaíochta | Cuspóirí Sonracha |
|---|---|
| **Rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus ar earraí** | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit a n-oibleagáidí maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar ainmhithe agus ar earraí a thagann isteach san Aontas ó thríú tíortha.<br><br>A fhíorú go gcomhlíonann ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas ó thríú tíortha na ceanglais ghinearálta agus shonracha is infheidhme de chuid an Aontais maidir le teacht isteach san Aontas.<br><br>Leagfar béim ar leith ar rialacha a bhunaítear le Rialachán (AE) 2017/625 agus gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme gaolmhara. |
| **Comhlíontacht na n-ionad rialaithe teorann** | Poist rialaithe teorann a mholann na Ballstáit a ainmniú, a fhíorú go gcomhlíonann siad na híoscheanglais do phoist rialaithe teorann, ionaid chigireachta san áireamh, a leagtar síos sa reachtaíocht is infheidhme de chuid an Aontais sula n-ainmneofar iad.<br><br>Poist chigireachta teorann, pointí ainmnithe teacht isteach, pointí teacht isteach agus na chéad phointí tabhairt isteach arna n-athainmniú i gcomhréir le hAirteagal 61(2) de Rialachán (AE) 2017/625, a fhíorú go gcomhlíonann siad na híoscheanglais is infheidhme.<br><br>Pointí rialaithe nach poist rialaithe teorann iad, dá dtagraítear in Airteagal 53(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/625, a chinntiú go gcomhlíonann siad na híoscheanglais is infheidhme. |
| **Rialuithe oifigiúla maidir le sláinte plandaí** | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit a n-oibleagáidí maidir le rialuithe oifigiúla um shláinte plandaí a dhéanamh ar phlandí, ar tháirgí plandaí agus ar réada eile a thagann isteach san Aontas ó thríú tíortha.<br><br>Plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a thagann isteach san Aontas ó thríú tíortha, dearbhuithe a thabhairt go gcomhlíonann siad na ceanglais sláinte plandaí is infheidhme de chuid an Aontais maidir le teacht isteach san Aontas. |

9. **Frithsheasmhacht in aghaidh frithmhiocróbach**

| Réimse Tosaíochta | Cuspóirí Sonracha |
|---|---|
| **Faireachán a dhéanamh ar fhrithsheasmhacht in aghaidh frithmhiocróbach i mbaictéir zónóiseacha agus i mbaictéir chomhthíosacha** | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit an reachtaíocht lena rialaítear faireachán ar fhrithsheasmhacht in aghaidh frithmhiocróbach i mbaictéir zónóiseacha agus i mbaictéir chomhthíosacha agus, trína bhíthin sin, rannchuidiú le cur chun feidhme iomlán Phlean Gníomhaíochta Eorpach "Aon Sláinte Amháin" 2017 i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Fhrithmhiocróbach ([1]). |

([1]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa dar teideal A European One Health Action Plan against Antimicrobial Resistance (AMR) [Plean Gníomhaíochta Eorpach "Aon Sláinte Amháin" i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Fhrithmhiocróbach], COM(2017) 339 final, 29.6.2017.

10. **Gnéithe ginearálta laistigh den slabhra agraibhia**

| Réimse Tosaíochta | Cuspóirí Sonracha |
|---|---|
| **An Chalaois** | Faisnéis a bhailiú maidir le hoiriúnacht agus cur chun feidhme éifeachtach socruithe náisiúnta chun an chalaois a chomhrac feadh an tslabhra agraibhia i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625. |
| **Obair leantach ar mholtaí iniúchóireachta** (earnálacha agus ginearálta) | A fhíorú go ndéanfaidh na Ballstáit bearta leantacha iomchuí chun aon easnamh sonrach nó córasach a aithnítear trí rialuithe an Choimisiúin a leigheas. |
| Orgánaigh ghéinmhodhnaithe (OGManna) (e.g. údarú, margaíocht, inrianaitheacht, lipéadú) | A fhíorú go gcomhlíonann na Ballstáit an reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais lena rialaítear údarú agus margaíocht orgánach géinmhodhnaithe, inrianaitheacht agus lipéadú na n-orgánach sin agus iad i mbia agus i mbeatha, agus cur chun feidhme rialuithe oifigiúla ina leith sin a fhíorú.<br><br>Rannchuidiú le sealbhú agus neartú saineolais i ndáil le forfheidhmiú i gcás táirgí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua, agus an saineolas sin a bhailiú le chéile. |
| **Aon staid éigeandála, aon fhadhb a thiocfaidh chun cinn agus aon fhorbairt nua** | Faisnéis a imscrúdú agus a bhailiú maidir le haon staid éigeandála, aon fhadhb a thiocfaidh chun cinn, nó aon fhorbairt nua sna Ballstáit. |

11. **Clár rialuithe 2023**

| Réimse | Réimse Tosaíochta | Fócas in 2023 |
|---|---|---|
| Bia agus an tsábháilteacht bia | **Bia de bhunadh ainmhíoch** | Sábháilteacht fheoil na mamach agus na n-éan agus táirgí ar den fheoil siad iad<br>Sábháilteacht bainne agus táirgí bainne<br>Sábháilteacht táirgí iascaigh<br>Sláinteachas táirgthe moileasc débhlaoscach beo |
| | **Bia nach de bhunadh ainmhíoch é** | Sábháilteacht mhicribhitheolaíoch |
| | **Iarmhair in ainmhithe beo agus i mbia de bhunadh ainmhíoch** | Sábháilteacht cheimiceach — iarmhair |
| | **Bia nach de bhunadh ainmhíoch é** | Sábháilteacht cheimiceach — éilleáin |
| Beatha & sábháilteacht beatha | **Sábháilteacht Beatha** | Sláinteachas ginearálta beatha (beatha íocleasaithe san áireamh) |
| | | Seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe |
| Sláinte ainmhithe | **Galair de chatagóir A faoi Rialachán (AE) 2016/429** | Fiabhras Afracach na muc<br>Fliú éanúil ardphataigineach |
| | **Galair de chatagóirí B agus C faoi Rialachán (AE) 2016/429** | Galair éisc |
| | **Ullmhacht & cosc** | Pleanáil theagmhasach |
| Leas ainmhithe | **Iompar** | Laonna nár baineadh fós den diúl, na stadanna ag poist rialaithe san áireamh |
| | **Ar an bhfeirm** | Eallach (mairteoil)<br>Éisc (marú san áireamh) |
| Sláinte plandaí | **Ráigeanna de lotnaidí plandaí** | Ráigeanna de lotnaidí ar bagairt shuntasach iad |
| | **Gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí agus réad eile laistigh den Aontas** | Pasanna plandaí |
| PPPanna & SUDanna | **Táirgí cosanta plandaí (PPP)** | Sábháilteacht cheimiceach (údarú, margaíocht agus úsáid lotnaidicídí) |
| Cáilíocht Bhia | **Feirmeoireacht Orgánach** | Feirmeoireacht Orgánach |
| | **Tásca geografacha** | Tásca geografacha |

| Réimse | Réimse Tosaíochta | Fócas in 2023 |
|---|---|---|
| Ainmhithe agus earraí ó thríú tíortha a theacht isteach san Aontas | **Rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus ar earraí** | Ainmhithe agus earraí |
| | **Poist Rialaithe Teorann** | Comhlíontacht na n-ionad rialaithe teorann |
| | **Rialuithe oifigiúla maidir le sláinte plandaí** | Plandaí, táirgí plandaí agus réada eile |
| Frithsheasmhacht in aghaidh Frithmhiocróbach | **Faireachán a dhéanamh ar fhrithsheasmhacht in aghaidh frithmhiocróbach i mbaictéir zónóiseacha agus i mbaictéir chomhthíosacha** | Frithsheasmhacht in aghaidh frithmhiocróbach i mbaictéir zónóiseacha agus i mbaictéir chomhthíosacha |
| Gnéithe ginearálta laistigh den slabhra agraibhia | **Obair leantach ar mholtaí iniúchóireachta** | Obair leantach ghinearálta agus earnálach ar mholtaí iniúchóireachta |
| | **Orgánaigh ghéinmhodhnaithe (OGManna)** | Orgánaigh ghéinmhodhnaithe (OGManna) |
| | **Aon staid éigeandála, aon fhadhb a thiocfaidh chun cinn agus aon fhorbairt nua** | Aon staid éigeandála, aon fhadhb a thiocfaidh chun cinn agus aon fhorbairt nua |